**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2020/2262(INI)**

15.4.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

oiriúnacht rialála an Aontais Eorpaigh agus coimhdeacht agus comhréireacht - tuarascáil maidir le Reachtóireacht Níos Fearr do na blianta 2017, 2018 agus 2019
2020/2262(INI)

Rapóirtéir don tuairim: Barbara Thaler

PA_Nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú a thábhachtaí atá uirlisí éifeachtacha um reachtóireacht níos fearr, ar mhaithe le margadh inmheánach a fheidhmíonn go maith agus atá iomaíoch agus inbhuanaithe, arb uirlisí iad lena dtugtar aird iomlán ar an gcoimhdeacht agus ar an gcomhréireacht; á chur i bhfios go láidir gur cheart an reachtaíocht a bheith cothrom, soiléir, cuimsitheach agus bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch atá riachtanach, ar mhaithe le tomhaltóirí agus FBManna, i gcás inarb iomchuí; á chur i bhfios gur cheart go mbeadh reachtaíocht éifeachtach sna torthaí inmhianaithe agus go n-áiritheoidh sí go mbeidh na páirtithe go léir lena mbaineann in ann í a thuiscint go héasca, mar aon lena gcearta agus lena n-oibleagáidí;

2. á athdhearbhú gur cheart úsáid fheabhsaithe uirlisí grinnscrúdaithe mar bhonn taca le cuspóirí amhail feabhas a chur ar iomaíochas, digitiú, inbhuanaitheacht agus cosaint tomhaltóirí i margadh inmheánach athléimneach; á chur in iúl gur geal léi úsáid na n-uirlisí sin amhail an clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála; á chur i bhfios gur féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na huirlisí grinnscrúdaithe agus iad a fheabhsú le huirlisí eile amhail Fit for Future Platform (F4F) nó ardáin thiomnaithe eile den sórt sin; á thabhairt chun suntais gur cheart go gcuirfí san áireamh sna hurilisí sin tionchair na gcuspóirí thuasluaite ar bhealach cainníochtúil agus cáilíochtúil, lena n-áirítear gnéithe eacnamaíocha agus sóisialta agus na costais a bhaineann le neamh-chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais a mhéid is féidir; á chur i bhfáth gur cheart don Pharlaimint a bheith rannpháirteach sna próisis ghrinnscrúdaithe;

3. á chur i bhfios go láidir go mbeidh ar FBManna go háirithe aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha i gcónaí i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus imeachtaí eile gan choinne a bhfuil tionchar tromchúiseach eacnamaíoch acu, agus a dteastaíonn tacaíocht spriocdhírithe agus tuilleadh solúbthachta uathu chun freagairt go tapa do riachtanais an gheilleagair a bhíonn ag athrú de shíor; á chur i bhfios gur cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh i ngnéithe tábhachtacha atá le breithniú mar chuid den phróiseas inmheánach déanta dlí: simpliú na bpróiseas riaracháin chun ualaí nach bhfuil údar cuí leo agus nach bhfuil gá leo a sheachaint; na prionsabail 'tús áite d'fhiontair bheaga' agus 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', prionsabail nár cheart a úsáid chun reachtaíocht a aisghairm go huathoibríoch, ná níor cheart leis na prionsabail sin go ndéanfaí ach oiread na caighdeáin cosanta atá bainte amach cheana do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí a laghdú; iarrachtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú; sochaí a chur chun cinn a chothaíonn fiontraíocht i gcomhréir le luachanna geilleagair shóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar; agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí;

4. á iarraidh ar údaráis náisiúnta agus réigiúnachana mBallstát agus ar na geallsealbhóirí ábhartha, trí úsáid a bhaint as na huirlisí a chuirtear ar fáil ar leibhéal AE agus trí na comhlachais earnála ábhartha, chun páirt níos dlúithe a ghlacadh i reachtaíocht AE

maidir le seiceálacha coimhdeachta agus comhréireachta agus measúnuithe ar an ualach riaracháin ag céim luath sa phróiseas cinnteoireachta; á chur in iúl gur geal léi an t-ionchur a fuarthas ó na parlaimintí náisiúnta maidir le tionscnaimh a bhaineann le reachtaíocht ar an margadh inmheánach;

5. ag meabhrú mholtaí na Cúirte Iniúchóirí maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar an mbonn fianaise agus ar an tionchar is dócha a bheidh aige sin ar chinnteoireacht, d'fhonn cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chur chun cinn, faireachán a dhéanamh air agus é a fhorfheidhmiú; á iarraidh, thairis sin, ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht a thrasuí, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go pras agus go comhsheasmhach, agus staonadh ó chleachtais a ghineann ceanglais riaracháin iomarcacha agus gan údar cuí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le conas rialacha casta agus/nó troma nach bhfuil gá leo a shimpliú, ar rialacha iad a chuireann bac ar an margadh inmheánach;

6. ag tabhairt rabhaidh go mbíonn tionchar mór ag reachtaíocht as a leanann ualaí riaracháin neamhriachtanacha, gan údar maith agus díréireacha ar mhicrifhiontair, FBManna agus tomhaltóirí ar leibhéil éagsúla trí bhac a chur ar an iomaíochas agus cosc a chur ar an margadh aonair feidhmiú go maith agus barr a chumais a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún, d'fhonn fianaise a chur ar fáil maidir leis an mbreisluach a bhaineann le gníomhaíocht AE agus na costais agus na tairbhí a bhaineann léi, seiceáil oiriúnachta FBManna a neartú, tionchar na reachtaíochta agus na dtionscnamh riaracháin atá le teacht ar FBManna a chur i gcuntas ar bhealach níos fearr ar deireadh, agus moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann a fhoirmliú maidir leis an mbealach ina bhféadfar cúnamh níos fearr a thabhairt do mhicrifhiontair agus do FBManna agus ceanglais nua á gcur chun feidhme;

7. á chur i bhfios go láidir nár cheart do mhicrifhiontair ná do FBManna dul i ngleic ach amháin le hoibleagáidí atá i gcomhréir lena sonraíochtaí agus le saintréithe a n-earnála agus ag spreagadh an Choimisiúin gníomhaíocht láidir forfheidhmiúcháin a úsáid chun ilroinnt an mhargaidh a theorannú, bacainní margaidh nach bhfuil údar cuí leo a bhaint agus machaire comhréidh a áirithiú trí úsáid a bhaint as na huirlisí go léir atá ar fáil ionas nach gcuirfear teorainn leis an rogha do thomhaltóirí, agus leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí á choimeád; á mheas gur cheart an tréimhse riachtanach do FBManna a chur i gcuntas ar bhealach níos fearr chun iad féin a chur in oiriúint do na rialacha nua agus do na rialacháin nua agus ag cur béim ar na buntáistí a bhaineann le huirlisí faisnéise a bhunú amhail ionad ilfhreastail do mhicrifhiontair agus do FBManna, lena bhféadfaí rannpháirtíocht FBManna sa mhargadh aonair a chur chun cinn;

8. á mheabhrú go bhfuil an nuálaíocht dhigiteach ag forbairt go tapa agus go bhfuil fiontraithe ag spreagadh an chláir oibre dhigitigh; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, gan dochar do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, rialacha a sheasfaidh an aimsir a bhunú a choimeád bord ar bhord leis an nuálaíocht dhigiteach; ag tabhairt dá haire gur tionscnaimh a thagann faoi shainchúram an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) a bhí mar phríomhthosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2017-2019, a bhí dírithe den chuid is mó ar chur chun feidhme na Straitéise maidir leis an Margadh Aonair agus na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach, agus béim á leagan ag an am céanna ar rialacháin lena bhféachtar le bacainní nach bhfuil údar leo agus atá díréireach a dhíothú agus le

deiseanna nua a thapú ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí;

9. á mheabhrú gurb go nglacann reachtaíocht AE ionad 27 riail éagsúla de ghnáth, rud a chabhraíonn le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar choimhdeacht agus ar chomhréireacht, a áirithiú go mbeidh tionscnaimh arb é is aidhm dóibh margadh inmheánach níos doimhne agus níos cothroime a bhaint amach ina bpríomhcholún i gcónaí don chlársceidealú bliantúil amach anseo, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á choimeád;

10. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá idirphlé rialta agus comhairliúchán cuí, trédhearcach leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chur chun cinn agus a spreagadh; á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as uirlisí reachtóireachta níos fearr agus as comhar le saineolaithe ábhartha éagsúla ar leibhéal an Aontais agus measúnuithe tionchair agus reachtaíocht nua á ndréachtú; ag cur béim ar an ngá atá ann na huirlisí sin a shimpliú agus iad a dhéanamh níos éasca le tuiscint agus le húsáid do gheallsealbhóirí; ag meabhrú bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás T-540/15[1], inar cinneadh gur cheart d'institiúidí AE rochtain a dheonú i bprionsabal ar dhoiciméid a bhaineann le cruinnithe tríthaobhacha atá ar siúl tar éis iarraidh shonrach a thaisceadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin;

11. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí ón gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan agus cuimsitheach de reachtaíocht fhéideartha an mhargaidh aonair le measúnuithe tionchair; á chur in iúl gur uirlis riachtanach agus luachmhar iad measúnuithe tionchair neamhspleácha neamhchlaonta chun teacht ar chinntí polaitiúla eolasacha tríd an bpróiseas cinnteoireachta reachtach (agus modh an Chomhphobail á sheasamh), rud atá riachtanach chun freagairt go tapa do dhúshláin phráinneacha amhail an t-aistriú digiteach agus inbhuanaithe; á chreidiúint gur gá inneachar na measúnuithe tionchair a fheabhsú agus an úsáid a bhaintear astu a leathnú, trí ghnéithe breise a chur i gcuntas chun a rannchuidiú a dhéanamh níos tráthúla agus níos luachmhaire agus gur fearr is féidir iad a mheas le haghaidh cinnteoireachta ar an leibhéal polaitiúil; ag cur béim, ina theannta sin, ar líon teoranta na measúnuithe tionchair a rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir lena leasuithe substainteacha;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo a leanas a dhéanamh maidir le measúnuithe tionchair:

– ag feabhsú a dtrédhearcachta agus a gcuntasachta os comhair Pharlaimint na hEorpa;

– ag glacadh céimeanna breise i dtreo measúnuithe tionchair cuimsitheacha neamhspleácha agus cáilíocht na hanailíse a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcoimhdeacht agus ar an gcomhréireacht;

– ag ulllmhú measúnuithe tionchair do gach togra i gClár Oibre an Choimisiúin;

– ag déanamh cainníochtú agus meastóireachta ar chostais agus tairbhí na roghanna uile arna mbreithniú, i gcás inar féidir;

[1] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 22 Márta 2018, *Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa*,

– ag neartú na gné sin de mheasúnuithe tionchair a bhaineann le seiceáil oiriúnachta FBManna;

– ag úsáid measúnuithe tionchair chun breisluach AE na dtograí reachtacha a shoiléiriú;

– ag baint úsáid bhreise as meastóireacht *ex ante* agus as measúnuithe tionchair sealadacha a ghabhann le teachtaireachtaí agus le straitéisí faoin bpróiseas reachtach chun anailís mhionsonraithe agus réamhanailís a dhéanamh ar a n-iarmhairtí ar fheidhmiú an mhargaidh aonair;

13. á chur i bhfáth gur gá cuspóirí maidir le reachtóireacht níos fearr a athbhreithniú agus a mheas go rialta de réir chritéir an chláir oibre maidir le reachtóireacht níos fearr, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh na cuspóirí cothromaithe go maith agus go ndéanfaí meastóireacht mhaith orthu ó thaobh a n-éifeachtachta de, agus na hacmhainní a úsáidfear le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le rialáil níos fearr agus le haghaidh ranníocaíochtaí seachtracha á gcur i gcuntas; á mheabhrú a thábhachtaí atá sonraí inchomparáide ar fud an Aontais chun críche na meastóireachta sin agus á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar baineadh amach cuspóirí amhail torthaí beartais feabhsaithe trí úsáid a bhaint as na huirlisí rialála níos fearr.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.4.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 42<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Alexandra Geese, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Jean-Lin Lacapelle, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Dan-Ştefan Motreanu, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Jordi Cañas, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume, Jiří Pospíšil, Barbara Thaler |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Carlo Fidanza, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek |
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| ID | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Arba Kokalari, Antonius Manders, Dan-Ştefan Motreanu, Jiří Pospíšil, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Barbara Thaler, Róża Thun und Hohenstein, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Jordi Cañas, Dita Charanzová, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard, Marco Zullo |
| S&D | Clara Aguilera, Biljana Borzan, Evelyne Gebhardt, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Christel Schaldemose |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, Alexandra Geese, Claude Gruffat, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 2 | - |
|---|---|
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh